Gradaim *Golden Globe*

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi ghradaim *Golden Globe* a bhí ar siúl i Meiriceá le déanaí. Sula bhféachann tú ar an tuairisc an féidir leat féin agus an duine in aice leat na téarmaí / frásaí Gaeilge a cheangal leis na focail ar dheis?

1. searmanas bronnta	a. the former president
2. An tIar-Uachtarán	b. newly-composed song
3. amhrán nua-chumtha	c. in competition with
4. ban-aisteoir	d. for the best director
5. ainmniúchán	e. television series
6. don stiúrthóir is fearr	f. nomination
7. san iomaíocht le	g. actress
8. clár sraithe	h. awards ceremony

1	2	3	4	5	6	7	8

Féachaigí ar an mhír uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2

Féach ar an mhír uair amháin eile agus ceangal an chéad chuid de na habairtí i gcolún **A** leis an dara cuid den abairt cheart i gcolún **B**:

A	**B**
1. Ba iad an dá ghradam a fuair an scannán *Argo* atá suite san Iaráin is mó a tharraing caint aréir,	a. a bronnadh an gradam don aisteoir is fearr.
2. Bhí maith is móruaisle as saol na scannán agus na teilifíse i láthair	b. a sciob leo an chuid is mó de na duaiseanna.
3. Is ar Jessica Chastain a bronnadh an gradam don mban-aisteoir is fearr	c. ceann don scannán is fearr agus ceann do Ben Affleck don stiúrthóir is fearr a bhí san iomaíocht le Spielberg, Ang Lee agus Tarantino.
4. Ar Daniel Day Lewis dá pháirt sa scannán *Lincoln*	d. ina measc, duaiseanna do na haisteoirí agus gradam freisin don scannán ceoil is fearr.
5. Ar ndóigh, rinne an scannán *Les Misérables* an-mhaith freisin aréir: trí ghradam ar fad,	e. ag an searmanas aréir.

6. Sa teilifís, ba iad na cláracha sraithe *Girls* agus *Homeland*	f. a bhuaigh an gradam don amhrán nua-chumtha ab fhearr a chum sí don scannán Bond *Skyfall.*
7. Is í Adele, an t-amhránaí as an mBreatain	g. dá páirt sa scannán *Zero Dark Thirty.*

1	2	3	4	5	6	7

Ceist 3 Éist leis an mhír uair amháin eile gan féachaint ar nótaí ar bith. Déan cur síos don duine in aice leat ar an méid a thuig tú.

Ceist 4. Féach ar na focail seo a bhí sa mhír: **an t-amhránaí** agus **an chuid**

(a) An bhfuil siad firinscneach nó baininscneach?

(b) Cuir an t-alt roimh na focail seo a leanas:

páirt (bain) an _____
gradam (fir) an _____
aisteoir (fir) an _____
scannán (fir) an _____
duais (bain) an _____
mír (bain) an _____

Ceist 5 (a) '… *dhá ghradam* ***ach*** *seacht ngradam* …'

Séimhítear consain i ndiaidh na n-uimhreacha 2-6 agus **uraítear** consain agus gutaí i ndiaidh na n-uimhreacha 7-10. Féach ar an bpatrún anseo thíos.

	consain	**gutaí**
1 séimhiú ar chonsain seachas d, t, s	aon chapall amháin	aon oíche amháin
2-6 séimhiú ar chonsain	dhá c**h**arr cúig d**h**oras	trí óstán sé óstán
7-10 urú ar chonsain **agus** ar ghutaí	ocht **g**carr deich **gc**athaoir	ocht **n-**óstán naoi **n-**oíche deich **n-**oíche

(a) Déan na bearnaí thíos a líonadh.

cathaoir:	trí	<u>chathaoir</u>
bord	dhá	_____
gradam	ceithre	_____
urlár	ocht	_____
crios	naoi	_____
inneall	deich	_____
pictiúr	sé	_____
oigheann	cúig	_____

(b) Tá roinnt ainmfhocal ann (e.g. **bliain** agus **ceann**) agus tá rialacha difriúla ag baint lena gcomhaireamh. An féidir leat féin agus an duine in aice leat an focail 'bliain' a chomhaireamh ó 1-10? Líon na bearnaí sa bhosca thíos.

1	2	3-6	7-10
Aon **bh**liain amháin			

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

- Cén scannán deireanach a chonaic tú ar an teilifís nó sa phictiúrlann? Ar thaitin sé leat? Cén fáth?
- Cá acu ab fhearr leat: gradam *Golden Globe* nó *Oscar* a bhuachan? Cén fáth?
- An dóigh leat go bhfuil aisteoirí maithe sa tír seo? Cé hiad na haisteoirí is fearr sa tír, do bharúil?

Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8
h	**a**	**b**	**g**	**f**	**d**	**c**	**e**

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7
c	e	g	a	d	b	f

Ceist 3

Tabhair deis do na foghlaimeoirí cur síos a dhéanamh dá chéile.

Ceist 4

Féach ar na focail seo a bhí sa mhír: **an t-amhránaí** agus **an chuid**

(a) Tá an focal **amhránaí** firinscneach (t- ar ghuta tar éis an ailt) agus tá an focal **cuid** baininscneach (séimhiú ar chonsain tar éis an ailt)

(b) páirt (bain) *an pháirt*
gradam (fir) *an gradam*
aisteoir (fir) *an t-aisteoir*
scannán (fir) *an scannán*
duais (bain) *an duais*
mír (bain) *an mhír*

Ceist 5

(a) trí *chathaoir*
dhá *bhord*
ceithre *ghradam*
ocht n-urlár
naoi *gcrios*
deich *n-inneall*
sé *phictiúr*
cúig *oigheann*

(b)

1	2	3-6	7-10
Aon **bh**liain amháin	**bh**liain	bliana	**mb**liana

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola

Ba iad na scannáin *Argo* agus *Les Misérables* ab fhearr a rinne aréir ag searmanas bronnta na ngradam *Golden Globe* in Los Angeles. Ar Daniel Day Lewis dá pháirt sa scannán *Lincoln* a bronnadh an gradam don aisteoir is fearr.

Bhí maith agus móruaisle as saol na scannán agus na teilifíse i láthair ag an searmanas aréir. Seacht n-ainmniúchán ar fad a fuair an scannán *Lincoln* agus cé go raibh an tIar-Uachtarán Bill Clinton i láthair le mír a chur i láthair, gradam amháin sa deireadh a fuair an scannán, an gradam don aisteoir is fearr, Daniel Day Lewis. Is ar Jessica Chastain a bronnadh an gradam don bhan-aisteoir[i] is fearr dá páirt sa scannán *Zero Dark Thirty.* Ba iad an dá ghradam a fuair an scannán *Argo* atá suite san Iaráin is mó a tharraing caint aréir, ceann don scannán is fearr agus ceann do Ben Affleck don stiúrthóir is fearr a bhí san iomaíocht le Spielberg, Ang Lee agus Tarantino.

Ar ndóigh, rinne an scannán *Les Misérables* an-mhaith freisin aréir: trí ghradam ar fad, ina measc, duaiseanna do na haisteoirí agus gradam freisin don scannán ceoil is fearr. Is í Adele, an t-amhránaí as an mBreatain a bhuaigh an gradam don amhrán nua-chumtha ab fhearr a chum sí don scannán Bond *Skyfall.* Sa teilifís, ba iad na cláracha[ii] sraithe *Girls* agus *Homeland* a sciob leo an chuid is mó de na duaiseanna[iii].

[i] don mban-aisteoir a deirtear
[ii] 'cláir' atá sa chaighdeán
[iii] 'duaiseannaí' a deirtear